



Gaelcholáiste Chomáin

Polasaí do Chainteoirí ar Cuairt

Gaelcholáiste Chomáin

Ros Dumhach

Béal an Átha

Co. Mhaigh Eo

F26 YR99

Uimhir Rolla: 72140V

Uimhir Theileafóin: (097) 88940

Ríomhphost: eolas@gcr.ie

Láithreán Gréasáin: www.gcr.ie

Cuireann Gaelcholáiste Chomáin folláine na ndaltaí agus na bhfoghlaimoirí go léir chun cinn. Maidir leis sin, tá sé de dhualgas orainn a chinntiú go bhfuil cosaint á fháil acu an t-achar is atá siad faoinár gcúram.

Tá sé mar fhreagracht ar Ghaelcholáiste Chomáin, ar mhaithe le feidhmiú go héifeachtach mar chúramóirí, grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar aon imeacht/cainteoirí seachtracha roimh ré le sláinte agus sábháilteacht na ndaltaí agus na foirne go léir a chinntiú.

Cuireann an Polasaí do Chainteoirí ar Cuairt an creat ar fáil do na nósanna imeachta atá á leanúint ag Gaelcholáiste Chomáin nuair a bhíonn cainteoir seachtach ag tabhairt cuairte ar an scoil le labhairt leis na daltaí nó leis an bhfoireann.

Déantar cinneadh maidir le rannpháirtíocht soláthróirí seirbhísí seachtracha i gcomhthéacs an méid atá á cur ar fáil ag Gaelcholáiste Chomáin cheana féin, ag tógáil, nuair is cuí, ar chlár atá i bhfeidhm cheana féin ag Gaelcholáiste Chomáin. Déanfar ionchur ó sholáthróirí seachtracha a bhreithniú go cúramach agus sláinte agus folláine na ndaltaí/foghlaimoirí á dtógáil san áireamh, oiriúnacht na n-ábhar atá á gcur ar fáil, agus cibé an bhfuil ábhair den sórt sin bunaithe ar fhianaise stuama.

Táthar ag súil go gcuirfidh na heagraíochtaí soláthair go léir fianaise ar fáil a thugann léiriú ar an mbealach ina ndéanann siad cáilíocht a gcuid seirbhísí a dhearbhu. Táthar ag súil go mbeidh na cleachtóirí go léir laistigh de na heagraíochtaí sin, cibé fostaithe nó ag feidhmiú i gcáil dheonach, faoi cheangal ag caighdeáin ghairmiúla agus rialacháin, go mbeidh siad imithe trína nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin chuí go rathúil, go léiríonn siad saineolas agus taithí ó thaobh oibriú i socrúcháin den chineál céanna agus le spriocghrúpaí den chineál céanna, go gcuireann siad teistiméireachtaí ar fáil ó ghníomhaireachtaí creidiúnacha agus go mbeidh árachas dliteanais ghairmiúil nó poiblí acu agus go bhfuil cód eiticiúil aitheanta á leanúint acu.

Cad lena aghaidh an Polasaí?

Tá cainteoirí ar cuairt ríthábhachtach ó thaobh saibhriú a dhéanamh ar thaithí scoile na ndaltaí. Tá sé mar fhreagracht orainn a chinntiú go gcuirtear aon eolas a sholáthraítear do na daltaí ar fáil i dtimpeallacht atá sábháilte agus go nglactar an cúram cuí maidir le tuairimí agus le luachanna éagsúla na ndaltaí go léir sa phobal scoile a thógáil san áireamh. Ní mór aon eolas a chuirtear ar fáil do na daltaí agus iad ar scoil a bheith ag teacht le héiteas agus le luachanna Ghaelcholáiste Chomáin.

Cé lena aghaidh an Polasaí?

Is do Ghaelcholáiste Chomáin an polasaí agus beidh cainteoirí atá ag freastal do sheisiúin oiliúna inmheánacha don fhoireann, do na daltaí nó do na tuismitheoirí, chomh maith le cainteoirí a dtugtar cuireadh dóibh labhairt leis na daltaí, agus/nó leis an bhfoireann agus/nó leis na tuismitheoirí do sheisiúin eolais, san áireamh ann.

1. Réamhrá

Cuireann Gaelcholáiste Chomáin fáilte roimh go leor cuairteoirí chuig imeachtaí éagsúla agus chun tacú lenár gcur chuige i leith curaclam leathan agus cothrom ar feadh na bliana: Cuireann cuairteoirí le saol agus le foghlaim na scoile agus déantar an taithí agus na deiseanna a bhíonn mar thoradh ar na cuairteanna sin a spreagadh agus tá meas orthu. Tá sé mar fhreagracht ar an scoil a chinntiú nach gcuirtear slándáil agus leas phobal uile na scoile i mbaol ag tráth ar bith.

2. Aidhm

Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go gcosnaíonn an scoil na daltaí agus an fhoireann le linn am scoile agus le linn gníomhaíochtaí seach-churacclaim agus go gcinntítear go bhfuil cuairteoirí ag cloí leis an gcomhaontú do Chuireoirí agus do Chainteoir ar Cuairt. (Féach Aguisín 1)

Ní mór an Polasaí seo a léamh in éineacht leis na polasaithe seo a leanas:

- Polasaí um Chosaint Leanaí,
- Straitéis um Chosc,
- Tús Áite do Leanaí 2015,
- Polasaí Slándála Campais
- Ciorclán 0023/2010 ón Roinn Oideachais agus Scileanna

3. Cuspóir

Tá sé mar chuspóir againn prótacal agus nós imeachta soiléir a leagan síos maidir le cuairteoirí seachtracha a ligean isteach sa scoil, ar a bhfuil tuiscint ag an bhfoireann go léir, ag an mBord Bainistíochta, ag cuairteoirí agus ag tuismitheoirí air agus atá ag cloí le cosaint agus leis an treoir um chosaint leanaí, Tús Áite do Leanaí 2015.

4. Cé dó a bhfuilimid ag tagairt:

Cainteoirí Seachtracha/Cuairteoirí

Baintear úsáid as an téarma “Cainteoir/Cuairteoir Seachtrach” chun cur síos a dhéanamh ar aon duine ar leith nach dalta nó comhalta foirne inár scoil iad. Áirítear leis seo, aon duine ar leith ar dhaltaí nó comhalta foirne ó scoil eile iad. Tá na seisiúin go léir a eagraítear le cainteoirí seachtracha, laistigh nó lasmuigh d’fhoirgneamh na scoile seo fós laistigh de fhreagracht (agus de dhliteanas) na scoile.

I nGaelcholáiste Chomáin, déanaimid úsáid gníomhaireachtaí nó cainteoirí seachtracha a spreagadh le taithí ár ndaltaí a shaibhriú; déanaimid grinnfhiosrúchán ar na gníomhaireachtaí, ar aon duine ar leith nó ar chainteoirí seachtracha, áfach, ar mhaithe lena chinntiú, nach ndéanaimid, i ngan fhios dúinn féin, gníomhaireachtaí a úsáid, a thagann salach nó atá in aghaidh éiteas agus luachanna scoile Ghaelcholáiste Chomáin.

Déanfar measúnú sa scoil ar oiriúnacht agus ar éifeachtúlacht an ionchuir ó aon duine ar leith nó ó ghníomhaireachtaí seachtracha lena chinntiú:

- Go dtacaíonn aon teachtaireachtaí a thugtar do na daltaí le luachanna na scoile.
- Go mbíonn aon teachtaireachtaí a thugtar do na daltaí ag teacht le héiteas na scoile agus nach ndéanann siad imeallú ar aon phobail, ar ghrúpaí nó ar dhaoine ar leith.
- Go mbíonn gníomhaíochtaí neadaithe i gceart sa churaclam agus leagtha amach go soiléir do scéimeanna oibre le teachtaireachtaí nach bhfuil ag teacht le chéile a sheachaint nó le dúbláil a sheachaint. • Go ndéantar gníomhaíochtaí a chomhoiriúnú le riachtanais na ndaltaí.

Go mbeidh tuiscint ann ó thaobh an Chainteora/Cuairteora Sheachtraigh nach mbainfear úsáid as cur i láthair den sórt sin le hairgead a bhailiú don eagraíocht agus nach féidir leis an scoil óstáil a dhéanamh ar imeachtaí den sórt sin gan chloí go hiomlán leis an nós imeachta seo.

5. **Ag eagrú imeachta/ceachta le cainteoir seachtrach.**

Ba chóir cead a bheith faighte ón bPríomhoide roimh cuireadh a thabhairt chun na scoile do chuairteoirí. Ba chóir sainmhíniú soiléir a bheith tugtha don Phríomhoide agus/nó comhaltaí na hArd bhainistíochta Ceannasaíochta maidir le hábharthacht agus le cuspóir na cuairte agus leis an dáta agus le ham beartaithe na cuairte. Coimeádann an Scoil an ceart imeacht ar bith a chur ar ceal, a chosc nó moill a chur ar imeacht le cainteoir seachtrach mura leantar an Polasaí seo nó mura bhfuiltear in ann freastal ar an gcritéar sláinte, sábháilteachta agus slándála.

Tá an comhalta foirne (an t-eagraí) a thug cuireadh don chuairteoir freagrach as na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl laistigh dá gcuid ceachtanna/imeachtaí. Ní mór don eagraí a chinntiú go bhfuil na cainteoirí/cuairteoirí go léir ar an eolas maidir lena gcuid freagrachta ag teacht le polasaí cosanta na scoile agus trí chomhaontú Chainteora ar Cuairt a shíniú (Féach Aguisín 2). Cinnteoidh an t-eagraí go mbeidh an cuairteoir curtha ar an eolas go hiomlán.

Ní féidir aon imeacht lena mbaineann aon chainteoir seachtrach a fhógairt nó a bhreithniú a bheith deimhnithe go dtí go mbeidh an cainteoir glanta tríd an nós imeachta atá mionsonraithe sa pholasaí seo. Maidir leis sin, tá sé ríthábhachtach go mbíonn dóthain ama ceadaithe leis an bpróiseas seo a chur i bhfeidhm.

Ní mór aon iarratas le cuireadh/cuairt ó chainteoir seachtrach a dhéanamh laistigh de thréimhse ama réasúnach roimh dháta an imeachta beartaithe.

D'fhéadfadh sé go ndiúltófaí aon iarratais a dhéantar lasmuigh den chreat ama seo.

6. **Nósanna Imeachta**

6.1 **Nós Imeachta le hImeacht a Eagrú le Cainteoir Seachtrach.**

Déanfaidh an t-eagraí:

1. An cainteoir/cuairteoir seachtrach a chur ar an eolas maidir leis an bPolasaí agus leis an gComhaontú do Chainteoir ar Cuairt (Aguisín 1).

2. A chinntiú go gcuirfidh an cuairteoir seachtrach atá beartaithe na mionsonraí seo a leanas, lena n-áirítear cóipeanna de theastais ar fáil roimh ré; D'fhéadfadh sé mura gcuirfear na mionsonraí iomlána a éilítear ar fáil go gcuirfí an t-imeacht ar ceal.

- a. Ainm agus mionsonraí teagmhála an chuairoteora a chur ar fáil
- b. Beathaisnéis an chuairoteora a chur ar fáil, lena n-áirítear fianaise maidir le creidiúnú le comhlacht gairmiúil caighdeánaithe (más infheidhme)
- c. An oiliúint/saineolas ábhartha le hoiliúint a chur ar fáil laistigh de chomhthéacs scoile (más infheidhme)
- d. Grinnfhiosrúchán MSLETB ábhartha má tá an cainteoir le sraith cuairteanna de chuairteanna aon uaire a dhéanamh, ar an gcoinníoll go bhfuil an cainteoir in éineacht le múinteoir, níl grinnfhiosrúchán MSLETB mar cheanglas
- e. Mionsonraí maidir le cuspóir beacht na cuairte a chur ar fáil
- f. Mionsonraí maidir leis an gcur i láthair atá beartaithe, lena n-áirítear ábhair
- g. Go bhfuil ceangal leis an gcuraclam aitheanta
- h. Fianaise neamhspleách maidir le dea-thoradh an imeachta atá beartaithe
- i. Teistiméireachtaí ó chomhlachtaí/scoil/grúpa ranga den chineál céanna, srl.
- j. Dáta, am tosaithe agus am críochnaithe beartaithe an imeachta
- k. Árachas dliteanais gairmiúil (más infheidhme)

3. An méid atá thuas a chur i dtoll a chéile agus é a chur i láthair an Phríomhoide agus an fhoireann scoile ábhartha, m.sh. SST/SEN/L&T chun críocha iniúchadh a dhéanamh ar ábharthacht agus ar oiriúnacht an ábhair m.sh.:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair agus ar na modheolaíochtaí ar bhealach aoisoiriúnach
- Scagthástáil a dhéanamh ar nithe a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le mothúcháin a dhúiseacht de chineál a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach go pearsanta
- Sa chás go bhféadfadh trúig a bheith ann nó go bhfuil ábhar conspóideach le cur i láthair, tá cead an Príomhoide agus Tuismitheora araon riachtanach roimh ré
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chuallacht na ndaltaí do dhaltaí a d'fhéadfadh a bheith faoi bhaol ard/go bhfágfaí tráma orthu agus cosaint a thabhairt dóibh dá réir sin má tá an cur i láthair le leanúint ar aghaidh.

4. Tabhairt faoi na seiceálacha comhaontaithe ar an gcainteoir seachtrach, lena n-áirítear grinnfhiosrúchán. Tá sé mar fhreagracht ar an gCuaireoir an t-eolas mionsonraithe ábhartha a chur ar fáil.

5 Eolas a chur ar fáil maidir le himpleachtaí acmhainne na cuairte atá beartaithe, lena n-áirítear maoirseacht agus ionadaíocht, tráthchlár, srl.

6 Comhlánaigh an Fhoirm Áirithinte do Chuairteoir/Cainteoir Seachtrach.

7 Ní mór do chainteoir cloí le comhdheiseanna agus le cosaint na scoile

6.2 Nós Imeachta le Taighde a dhéanamh ar Chainteoir

Sa bhreis ar an eolas atá curtha i dtoll a chéile thuas, tabharfaidh an t-eagraí faoi sheiceáil ghearr ar na cainteoirí féideartha go léir leis an méid seo a leanas a dheimhniú:

- Grinnfhiosrúchán MSLETB Garda (mar is infheidhme in alt 6.1)
- teistiméireachtaí a sheiceáil trí ghlaio gutháin,
- fianaise maidir le torthaí oiliúna,
- ábhair/clár,
- barántúlacht aon eagraíocht a bhfuil an cainteoir cleamhnaithe leo a sheiceáil agus féachaint ar na chéad trí leathanach de thorthaí ar Inneall Cuardaigh oiriúnach agus úsáid á bhaint as ainm aitheantóra/eagraíochta, srl. Déanfaidh siad an cuardach an athuair ansin agus beidh ‘conspóid’ curtha leis na focail chuardaigh.

D’fhéadfadh sé go n-áireodh na cúiseanna atá leis na mionsonraí atá ag teacht chun cinn ón méid atá thuas atá le roinnt leis an bPríomhoide/DLP, ach níl siad teoranta d’aon cheann acu seo a leanas:

1. Má tá stair ag baint leis an gcainteoir, nó má cúisíodh iad san am a caitheadh mar gheall ar:
 - Gráin, foréigean a ghríosú nó daoine a spreagadh leis an dlí a bhriseadh;
 - Ráitis mhaslacha nó dímhéasúla a dhéanamh faoi chreideamh nó faoi ghrúpaí eile
 - Focail nó iompar bhagrach nó maslach a úsáid;
2. Aon duine nó grúpa atá ar/nó ceangailte le liosta an Rialtais d’eagraíochta sceimhlitheoireachta
3. Cainteanna ó eagraíochtaí atá breithnithe go ginearálta de réir na nGardaí a bheith antoiseach agus eagraíochtaí gaolmhara
4. Cainteoir a bhfuil sé ráite faoi/fúithi gur labhair siad in institiúid eile roimhe seo ar ábhar a bhí mar údar imní, nó mar chúis le heagla nó imeaglú a dhéanamh ar dhaltaí nó ar an bhfoireann
5. Cainteoir a nglactar leis/léi a bheith thar a bheith conspóideach
6. Cainteoir atá aitheanta/nó a d’fhéadfadh a bheith aitheanta ó thaobh dochar a dhéanamh do ghrúpa faoi leith foirne na daltaí
7. Aon cheangal nó ceangail le haon duine nó ghrúpa, a bhí, de réir liosta Google, ceangailte le haon chonspóid de chineál diúltach nó dearfach
8. Cainteoir ag a bhfuil próifíl shuntasach sna meáin shóisialta amháin agus a mheallann lucht leanúna a d’fhéadfadh saincheisteanna a chruthú ó thaobh slua a rialú agus ó thaobh sábháilteachta.

Seolfar mionsonraí den sórt sin chuig Príomhoide/DLP na scoile, le tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh agus le treoir a chur ar fáil. Nuair is mar sin atá an cás, ní rachaidh an t-imeacht mar atá beartaithe ar aghaidh. Mura n-aithnítear aon saincheisteanna, ansin is féidir leis an imeacht/cainteoir leanúint ar aghaidh faoi réir ag cead ón bPríomhoide.

6.3 Le linn an imeachta:

- Ba chóir casadh leis an gcuairteoir san oifig fáilte agus ní mór an cuairteoir a shíniú isteach.

- Ba chóir go mbeadh cóip den Fhoirm Comhaontaithe maidir le Cainteoir ar Cuairt le fáil san oifig fáilte agus déanfaidh an comhalta foirne atá freagrach as an gcuairt an fhoirm a sheiceáil faoi dhó.
- Ba chóir go mbeadh comhalta foirne in éineacht leis an gcuaríteoir i gcónaí le linn an ama a chaitheann an cuairíteoir sa scoil.
- ‘Rabhadh Sláinte’ le tabhairt do na daltaí/don fhoireann roimh agus tar éis an imeachta ar nós ‘creidimid go gcruthóidh an t-ábhar seo go leor straitéisí fiúntacha do na daltaí maidir le conas déileáil le ham atá thar a bheith dúshlánach agus táimid ag tnúth go mór cloisteáil maidir leo seo. Sa chás gur mian le duine ar bith tuilleadh eolais a fháil nó labhairt faoi aon ghné den chlár, le linn nó tar éis... beidh ... (múinteoir) ar fáil le linn na n-amanna seo a leanas, srl.’
- Cinntigh go mbíonn Foireann leordhóthanach i láthair i gcáil mhaoirseachta, le linn aon chur i láthair, go háirithe sa chás go bhfágann dalta an seisiún ar mhaithe le hiarphlé/tacaíocht/monatóireacht.
- Tar éis an chur i láthair, ba chóir go mbeadh comhalta foirne in éineacht leis an gcainteoir lena dtionlacan go dtí an oifig fáilte ar mhaithe le síniú amach agus le suaitheantas cuairteora a fhágáil san oifig fáilte.
- Má thagann aon údar inní chun cinn le linn an chur i láthair, féadfar an t-imeacht/cur i láthair a stopadh agus ba chóir an t-údar inní seo a thuairisciú don Phríomhoide/DLP láithreach.
- Iarr ar na daltaí agus ar an bhfoireann bileog mheastóireachta a chomhlánú ag deireadh an tseisiúin agus an rogha a thabhairt dóibh fanacht anaithnid.

6.4 Tar éis an imeachta:

- Déanfaidh an fhoireann athbhreithniú ar thorthaí an imeachta agus déanfar nóta maidir le haon saincheisteanna tionchair.
- Déanfar athbhreithniú ar bhileoga aiseolais agus tabharfar ar aird aon chomharthaí maidir le daltaí a bheith trína chéile, aon cheisteanna neamhghnácha agus gnéithe dearfacha
- Athbhreithniú daltaí más cuí i ngrúpa beaga fócais.
- Monatóireacht ar aon daltaí a tharraingíonn aird.
- Téigh i gcomhairle le tuismitheoirí más gá.
- Bileog mheastóireachta a chomhlánú don Phríomhoide.
- Aiseolas a chur ar fáil don Eagraíocht Dheonach, srl.

Dáta ar glacadh leis an bPolasaí seo ar an 19-01-2022

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: Eanáir 2024

Aguisín 1

Foirm Polasaí do Chainteoirí Seachtracha



Ba chóir do chomhalta ar bith den fhoireann nó dalta ar mian leo cainteoir seachtrach a thabhairt isteach sa scoil an fhoirm seo a chomhlánú. Is ar mhaithe lena chinntiú go gcuirtear na socruithe cearta i bhfeidhm leis na daltaí agus an fhoireann a chosaint é sin agus lena chinntiú go gcuirfidh an t-imeacht le taithí phobal na scoile a bhíonn i láthair.

Ní mór na foirmeacha go léir a chur faoi bhráid trí ríomhphost — (eolas@gcr.ie) — roimh dháta beartaithe an imeachta, agus ní mór foirm in aghaidh an duine a chur faoi bhráid do gach cainteoir ar mian leo freastal.

Ainm na Gníomhaíochta / Grúpa: _____

Ainm ó Eagraí: _____

Ríomhphost Teagmhála: _____ Teileafón Uimhir: _____

Mionsonraí imeachta— féach na Nótaí Polasaí atá ceangailte leis seo le do thoil

Ainm an Chainteora:Dáta an imeachta:

Teideal an Imeachta: Costas an imeachta:

Ionad Beartaithe don Imeacht.....

Mionsonraí an chainteora:

Cloígh go mion leis an nós imeachta seo a leanas le do thoil.

Nós imeachta chun Imeacht a Eagrú le Cainteoir Seachtrach. Déanfaidh an t-eagraí:

1. Tá sé mar fhreagracht ar an gCuaríteoir an t-eolas ábhartha a chur ar fáil go mion. D'fhéadfaí an t-imeacht a chur ar ceal má theipeann ar an gcuairteoir na mionsonraí iomlána atá riachtanach a chur ar fáil.
 - a) ainm agus mionsonraí teagmhála an chuaríteora, beathaisnéis an chuaríteora, lena n-áirítear, fianaise maidir le creidiúnú, teastais ó chomhlacht gairmiúil caighdeánaithe
 - b) Oiliúint/saineolas ábhartha le hoiliúint a chur ar fáil laistigh de chomhthéacs scoile
 - c) Grinnfhiosrúchán MSLETB ábhartha nuair is infheidhme. Tá grinnfhiosrúchán MSLETB riachtanach má tá an cuairteoir le roinnt cuairteanna a thabhairt ar an

scoil nó sa chás nach mbíonn múinteoir in éineacht leo i gcónaí agus iad ag obair leis na daltaí.

- d) Mionsonraí maidir le cuspóir beacht na cuairte
 - e) Cur síos ar an gcur i láthair atá beartaithe, lena n-áirítear ábhair
 - f) Ceangal leis an gcuraclam
 - g) Fianaise neamhspleách maidir le dea-thorthaí an imeachta beartaithe t.teistiméireachtaí ó chomhlachtaí/scoil/grúpa ranga, srl.
 - h) Dáta, am tosaithe agus am críochnaithe beartaithe an imeachta
 - i) Árachas dliteanais gairmiúil
2. Cuir an méid atá thuas i dtoll a chéile agus cuir i láthair an Phríomhoide iad agus i láthair na foirne scoile ábhartha, m.sh. SST/SEN/L&T chun críochnaíocht a dhéanamh ar ábharthacht agus ar oiriúnacht an ábhair m.sh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair agus ar na modheolaíochtaí ar bhealach atá aoisoiriúnach
 - Scagthástáil a dhéanamh ar nithe a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le mothúcháin a dhúiseacht a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach go pearsanta
 - Sa chás go bhféadfadh trúig a bheith ann nó go bhfuil ábhar conspóideach le cur i láthair tá cead an Phríomhoide agus Tuismitheora araon riachtanach roimh ré
 - Athbhreithniú a dhéanamh ar chuallacht na ndaltaí do dhaltaí a d'fhéadfadh a bheith faoi bhaol ard/go bhfágfaí tráma orthu agus cosaint a thabhairt dóibh dá réir sin má tá an cur i láthair le leanúint ar aghaidh.
3. Tabhairt faoi na seiceálacha comhaontaithe maidir leis an gcainteoir seachtrach, lena n-áirítear, grinnfhiosrúchán agus cuardach idirlín.
4. Eolas a chur ar fáil maidir le himpleachtaí acmhainne na cuairte beartaithe, lena n-áirítear, maoirseacht agus ionadaíocht, tráthchlár, srl.
5. An Fhoirm Áirithinte do Chuariteoir/Cainteoir Seachtrach a chomhlánú.
6. Ní mór don chainteoir cloí le comhdheiseanna agus le polasaithe cosanta na scoile.

Ba chóir don eagraí a chinntiú go gcuirtear Polasaí na Scoile atá ceangailte leis an fhoirm áirithinte seo ar aghaidh chuig an gcainteoir agus go bhfuil tuiscint iomlán acu ar na himpleachtaí atá sa Pholasaí seo.

D'úsáid na hOifige Amháin

Údaraithe ag:Sínithe:

Dáta:



Aguisín 2

Comhaontú Cainteora ar Cuairt

Táim buíoch díot as glacadh leis an gcuireadh cuairt a thabhairt ar ár scoil, is mór againn do chuidiú. Tuigimid i nGaelcholáiste Chomáin an tábhacht a bhaineann le cuairteoirí agus le gníomhaireachtaí seachtracha le taithí ár ndaltaí a shaibhriú.

Ar mhaithe lenár leanaí a chosaint, táimid ag súil go ndéanfaidh gach cainteoir ar cuairt na ráitis thíos a léamh agus go gcloífear leo. (cuir tic le do thoil)

	Go mbíonn aon teachtaireachtaí a thugtar do na daltaí ag teacht le héiteas na scoile, go gcuireann siad cleachtas i gcoinne an idirdhealaithe chun cinn agus nach ndéanann siad imeallú ar aon phobail, ar aon ghrúpaí nó ar dhaoine ar leith
	Nach ndéantar iarracht le haon teachtaireachtaí a thugtar do na daltaí ardmholadh a thabhairt d'iompar lena mbaineann fíorchontúirt a d'fhéadfadh aithris ar a leithéid d'iompar a spreagadh.
	Go mbíonn gníomhaíochtaí neadaithe i gceart sa churaclam agus leagtha amach go soiléir do scéimeanna oibre le teachtaireachtaí nach bhfuil ag teacht le chéile a sheachaint nó le dúbláil a sheachaint.
	Go ndéantar gníomhaíochtaí a chomhoiriúnú le riachtanais na ndaltaí.
	Beidh comhalta foirne in éineacht leis na cuairteoirí i gcónaí agus beidh siad ar an eolas maidir le polasaí cosanta agus le cleachtas atá ábhartha d'idirghníomhaíocht le daltaí sa scoil
	Go dtacaíonn aon teachtaireachtaí a thugtar do na daltaí le Misean agus le Luachanna na scoile
	Nach ndéantar iarracht le haon teachtaireachtaí a thugtar do na daltaí ardmholadh a thabhairt do ghníomhaíocht choiriúil nó antoisceachas foréigneach nó nach ndéantar iarracht le daltaí a radacú trí thuairimí antoisceacha nó tuairimí caolaigeanta maidir le creideamh, reiligiún nó cultúr nó idé-eolaíochtaí difriúla.

Déan na pointí a roinn an cuairteoir maidir le húdar imní (más ann dóibh) a roinnt.

Sínithe: _____

Dáta: _____